Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**9639/24**

**DEVGEN 70**
**ACP 47**
**RELEX 626**
**CLIMA 189**
**SUSTDEV 60**
**NDICI 12**
**FIN 435**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 7 Bealtaine 2024 |
| chuig: | Toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7983/24 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 04/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an gComhaontas Domhanda um an Athrú Aeráide(+)<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 7 Bealtaine 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 04/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an gComhaontas Domhanda um an Athrú Aeráide(+), a d'fhormheas an Chomhairle ag an 4021ú cruinniú dá cuid a tionóladh an 7 Bealtaine 2024.

**IARSCRÍBHINN**

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 04/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an gComhaontas Domhanda um an Athrú Aeráide(+)**

**Conclúidí ón gComhairle**

1. Is díol sásaimh don Chomhairle Tuarascáil Speisialta Uimh. 04/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an gComhaontas Domhanda um an Athrú Aeráide(+).
2. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thiomanta atá an tAontas tacú le gach duine ar leochaileach a chás, gan aon duine a fhágáil ar lár, agus an cúnamh atá ann cheana do thíortha i mbéal forbartha a threisiú agus na tíortha sin ag ullmhú do thionchair aeráide agus ag freagairt orthu, go háirithe trí athléimneacht agus fothú acmhainneachta, agus trí bhearta oiriúnúcháin. Sa chomhthéacs sin, aithníonn an Chomhairle gurb iad na Tíortha is Lú Forbairt agus na Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha is lú a chuireann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa cé go bhfuil siad ar cheann de na pobail is mó dá ndéanann tionchair an athraithe aeráide difear.
3. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thiomanta atá an tAontas gníomhaíocht dhiongbháilte chinntitheach a dhéanamh chun glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus meabhraítear di an gealltanas a thug an tAontas agus a Bhallstáit an sprioc chomhchoiteann, is é sin USD 100 billiún in aghaidh na bliana a shlógadh don mhaoiniú aeráide, a bhaint amach a luaithe is féidir agus ar aghaidh go dtí 2025 ó raon leathan foinsí, agus measann sí go mbainfí an sprioc amach in 2023. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta freagairt ar an iarraidh ó Chomhshocrú Aeráide Ghlaschú ar Pháirtithe ar tíortha forbartha iad go ndéanfaí, faoi 2025, soláthar comhchoiteann an mhaoinithe aeráide le haghaidh oiriúnú a mhéadú faoi dhó ar a laghad do thíortha i mbéal forbartha, le hais leibhéil 2019.
4. Meabhraítear don Chomhairle freisin gurb iad an tAontas, na Ballstáit agus an Banc Eorpach Infheistíochta, i gcomhpháirt, is mó a ranníocann leis an maoiniú poiblí don aeráid ar fud an domhain, ina raibh EUR 23.04 billiún in 2021, agus cuireann sí i bhfios go láidir gur leithdháileadh níos mó ná 50 % den ranníocaíocht ar oiriúnú don athrú aeráide nó ar ghníomhaíochtaí trasearnála.

5. Ós amhlaidh atá, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur chuir an tAontas EUR 729 milliún ar fáil idir 2007 agus 2020 trí thionscnamh an Chomhaontais Dhomhanda um an Athrú Aeráide(+) mar chuid dá iarrachtaí leibhéil an mhaoinithe aeráide a uas-scálú, agus aird ar leith á tabhairt ar an oiriúnú.

6. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go dtacaíonn an tAontas go láidir le Comhaontú Pháras, le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe agus le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe Uimh. 13 dá chuid ina leagtar amach nach mór 'gníomhú go práinneach chun an t-athrú aeráide agus a thionchar a chomhrac', agus aithníonn sí go bhfuil an Comhaontas Domhanda um an Athrú Aeráide(+) ar cheann de na hionstraimí lenar saothraíodh an sprioc sin san am a chuaigh thart. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle an athuair go ndéanfaí Creat Bithéagsúlachta Domhanda Kunming-Montréal a chur chun feidhme go héifeachtach agus cuireann sí in iúl go dtacaíonn sí le Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaistí a chur chun feidhme.

7. Aithníonn an Chomhairle teorainneacha áirithe a bhaineann le tionscnaimh dhomhanda, an Comhaontas Domhanda um an Athrú Aeráide(+) mar shampla, ar tharraing Cúirt Iniúchóirí na hEorpa aird orthu. Ag an am céanna, cuireann sí chun suntais go raibh na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme na dtionscnamh sin ríthábhachtach maidir leis an gcur chuige nua a cheapadh i leith gníomhú ar son na haeráide a bunaíodh san Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda, lena mbaineann sprioc uaillmhianach caiteachais 30 % do chuspóirí aeráide, agus an iarracht chun acmhainní fóinteacha a chur ar aghaidh chuig tionscnaimh a bhaineann leis an aeráid trí chláir gheografacha a thacaíonn leis an ngné sheachtrach den Chomhaontú Glas don Eoraip agus den Tairseach Dhomhanda.

8. Is díol sásaimh don Chomhairle cinntí na Cúirte, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an ngá atá le héifeachtúlacht na ngníomhaíochtaí aeráide ar an talamh a mhéadú trí chóimheá cúramach a aimsiú idir seachadadh na n-aschur agus a gcostais bhuiséadaithe mar aon leis na cinntí sin lena dtugtar aghaidh ar na heasnaimh sa phróiseas chun gníomhaíochtaí oiriúnúcháin a uas-scálú ón gcéim phíolótach agus ón gcéim fothaithe acmhainní. I ndáil leis an méid sin, aithníonn an Chomhairle go háirithe an moladh ón gCúirt, i gcás gníomhaíochtaí comhleanúnacha, feabhas a chur ar an gcóimheá idir fothú acmhainneachta agus gníomhaíochtaí eile d'fhonn uas-scálú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí oiriúnúcháin nithiúla a shroichfidh níos mó daoine a ndéanann tionchair an athraithe aeráide difear go díreach dóibh. Ina leith sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir freisin gur cheart gníomhaíochtaí oiriúnúcháin a dhíriú ar acmhainneacht an phobail agus acmhainneacht institiúideach a fhorbairt atá bunaithe ar eolas agus eolaíocht dhúchasach áitiúil.

9. Tugann an Chomhairle dá haire go háirithe torthaí na Cúirte nár dhírigh an Comhaontas Domhanda um an Athrú Aeráide(+) go leordhóthanach ar riachtanais na ndaoine a ndéanann an t-athrú aeráide an difear is mó dóibh, go háirithe na teaghlaigh agus na mná is boichte. I ndáil leis an méid sin, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé tionchar agus torthaí na ngníomhaíochtaí aeráide arna gcistiú ag an Aontas i dtíortha comhpháirtíochta a thomhas go leanúnach trí chóras láidir faireacháin agus tuairiscithe, agus iarrann sí ar an gCoimisiún táscairí iomchuí a roghnú, agus bonnlínte agus spriocanna a shainiú chun torthaí na ngníomhaíochtaí a thomhas, lena n-áirítear trí leas iomlán a bhaint as Córas Feidhmíochta Faireacháin na hEorpa Domhanda chuige sin.

10. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé cistiú breise a mhealladh ó na Ballstáit, ón earnáil phríobháideach agus ó dheontóirí eile, lena n-áirítear trí fhoinsí neamhthraidisiúnta agus trí shásraí nuálacha maoiniúcháin, chun gníomhaíochtaí claochlaitheacha ar son na haeráide a chur chun feidhme ar an talamh. Ag an am céanna, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur dlúthchuid de bheartas eachtrach an Aontais í an Taidhleoireacht Aeráide agus Fuinnimh, agus go bhfuil rún daingean ag an Aontas teagmháil a dhéanamh le comhpháirtithe ar fud an domhain agus oibriú leo chun tacú leis na daoine is leochailí, go háirithe sna Tíortha is Lú Forbairt agus i Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha, chun oiriúnú d'éifeachtaí an athraithe aeráide. Leagann an Chomhairle béim ar chur chuige Fhoireann na hEorpa i leith na gníomhaíochta seachtraí, lena gcuirtear creat daingean ar fáil chun comhpháirtíochtaí comhionanna fóinteacha a chruthú, agus cuireann sí i bhfios go láidir an gá atá le cumarsáid chomhpháirteach maidir le cur chuige Fhoireann na hEorpa agus feasacht a mhúscailt ina leith.

11. Leagann an Chomhairle béim freisin ar an ngá atá le gníomhaíochtaí aeráide chun aghaidh a thabhairt ar an gcomhionannas inscne agus ar chearta agus riachtanais na mban agus na gcailíní ar bhealach níos córasaí, ós rud é go mbíonn tionchar díréireach ag tionchair an athraithe aeráide orthu, agus ós príomhúsáideoirí agus príomhbhainisteoirí acmhainní nádúrtha iad freisin. I ndáil leis an méid sin, tugann an Chomhairle dá haire na spriocanna uaillmhianacha maidir le comhionannas inscne san Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda ina luaitear gur cheart an comhionannas inscne a bheith ina phríomhchuspóir nó ina chuspóir suntasach ag 85 % ar a laghad de na gníomhaíochtaí nua a chuirtear chun feidhme, agus go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún na moltaí ábhartha ón gCúirt a chur chun feidhme. Sa chomhthéacs sin, tugann an Chomhairle dá haire freisin na spriocanna institiúideacha agus straitéiseacha a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta Inscne III an Aontais dar teideal *An Ambitious Agenda for Gender Equality and Women's Empowerment in EU External Action* [Clár Oibre Uaillmhianach do Chomhionannas Inscne agus do Chumhachtú na mBan i nGníomhaíocht Sheachtrach an Aontais Eorpaigh], spriocanna ar fáiltíodh rompu sna Conclúidí ón Uachtaránacht. Meabhraítear don Chomhairle a thiomanta atá sí tacú le rannpháirtíocht iomlán chomhionann éifeachtach fhóinteach a bheith ag mná agus daoine óga, ina n-éagsúlacht uile, lena n-áirítear i ngach réimse den saol poiblí agus polaitiúil, i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta AE maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024.

12. Tacaíonn an Chomhairle leis an iarraidh go ndíreofaí ar na teaghlaigh is boichte agus tionscnaimh dhomhanda á gcur chun feidhme agus is díol sásaimh di go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún gníomhú dá réir faoi chuimsiú na ngníomhaíochtaí atá beartaithe aige chun aghaidh a thabhairt ar laigí agus neamhionannais struchtúracha. Agus gníomhaíochtaí maidir leis an athrú aeráide á gcistiú i dtíortha atá i mbéal forbartha, iarrann an Chomhairle ar sheirbhísí an Choimisiúin agus ar SEGS spriocanna uaillmhianacha a leagan síos agus a thuairisciú ar an leibhéal gníomhaíochta do chion na mban agus na gcailíní a bhaineann tairbhe dhíreach as na gníomhaíochtaí sin agus an fócas ar na teaghlaigh is boichte a mhéadú, agus an comhthéacs i ngach tír á chur san áireamh.

13. Tugann an Chomhairle dá haire go háirithe na moltaí ón gCúirt na ceachtanna a foghlaimíodh ón gComhaontas Domhanda um an Athrú Aeráide(+) a thabhairt isteach i dtionscnaimh dhomhanda amach anseo, lena n-áirítear cur chun feidhme sprioc aeráide na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda. I ndáil leis an méid sin, iarrann an Chomhairle ar sheirbhísí an Choimisiúin agus ar SEGS an méid seo a leanas a dhéanamh:

– cuspóirí an tionscnaimh a athscrúdú agus iad a athbhreithniú go rialta más dealraitheach le linn an chur chun feidhme nach bhfuil cistiú leordhóthanach ar fáil;

– cistiú a leithdháileadh go straitéiseach trí chritéir oibiachtúla a chur i bhfeidhm, ar critéir iad sin a dhéanann an tacaíocht airgeadais don earnáil chéanna atá faighte ag na tíortha comhpháirtíochta ó fhoinsí eile a chur san áireamh chomh maith;

– anailís agus doiciméadú córasach a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil costais bhuiséadaithe na ngníomhaíochtaí réasúnta agus chun dúbláil na saoráidí tacaíochta agus na sruthanna cistiúcháin a sheachaint;

– feasacht ghinearálta ar na tionscnaimh sin a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí cumarsáide, lena n-áirítear misin chomhpháirteacha, lena ndírítear ar thíortha is tairbhithe agus ar dheontóirí féideartha, i gcur chuige Fhoireann na hEorpa.